# Ballraíocht na Comhairle Acadúla: Toghcháin na gColáistí

## Nós imeachta Toghcháin

De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, reáchtálfar sraith toghchán Coláiste chun baill na gColáistí ar an gComhairle Acadúil a thoghadh, mar seo a leanas:

1. **Toghcháin na Foirne Acadúla:** Tionólfar toghcháin choláiste chun baill a thoghadh ag gráid acadúla an Léachtóra, an Léachtóra Shinsearaigh agus an Ollaimh
2. **Toghcháin na Foirne Taighde:** Tionólfar toghcháin do chomhaltaí foirne taighde i ngach Coláiste chun beirt chomhaltaí foirne taighde a roghnú in aghaidh an Choláiste
3. **Toghcháin na Mac Léinn:** Tionólfar toghcháin Chomhaltas na Mac Léinn i ngach Coláiste chun beirt mhac léinn a thoghadh in aghaidh an Choláiste

### 1. Toghcháin na Foirne Acadúla

### 1.1 Ballraíocht

1.1.1 Tionólfar ceithre thoghchán Coláiste ar leithligh agus ní foláir do gach Coláiste baill i ngráid acadúla an Léachtóra, an Léachtóra Shinsearaigh agus an Ollaimh a thoghadh

1.1.2 Déanfar 100 áit sa Choláiste a dháileadh ar na ceithre Choláiste i gcomhréir le méid, mar seo a leanas:

- Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta – 30 ball
- Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh – 25 ball
- Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte – 25 ball
- Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí – 20 ball

1.1.3 Ní mór go gcuimseodh ballraíocht an Choláiste na Cinn Scoile ar fad i ngach Coláiste agus ar a laghad triúr Ollúna, Léachtóir Sinsearach amháin agus Léachtóir amháin.

Ní mór go gcuimseodh ballraíocht an Choláiste ochtar comhaltaí foirne Taighde, beirt in aghaidh an Choláiste, mar atá leagtha amach in 1.1.2. Féach Cuid 2 chun sonraí a fháil maidir le toghchán na foirne Taighde.

1.1.4 Ní mór go gcomhlíonfadh ballraíocht na Comhairle Acadúla an ceanglas cothromaíochta inscne foriomlán 40% ar a laghad. De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, nuair nach bhfuil sé indéanta cothromaíocht inscne 40% ar a laghad a bhaint amach de bharr phróifíl inscne na mball Ex Officio ag aon am ar leithligh, bainfear 'an chothromaíocht amach go solúbtha trí bhallraíocht thoghthóirí an Choláiste aonair agus/nó trí bhallraíocht toghthóirí tras-Choláiste.'

Ar an 1 Aibreán 2024 b'ionann líon na mban atá ina mbaill foirne Ex Officio agus 43%, agus b'ionann líon na bhfear atá ina mbaill foirne Ex Officio agus 57%.

Faoi réir théarmaí an Nóis Imeachta seo, agus an ceanglas foriomlán maidir le cothromaíocht inscne á chomhlíonadh, féachfaidh gach Coláiste le hionadaíocht inscne a bhaint amach i gcomhréir lena phróifíl inscne, agus beidh cuótaí inscne ar leithligh do gach Coláiste. Déanfar na cuótaí a ríomh bunaithe ar Thuairisceáin Foirne HEA dar dáta an 31 Nollaig 2023. (Féach Aguisín a Trí chun teacht ar Shonraí maidir le Cuótaí Inscne na gColáistí).

## 1.2 Próiseas Ainmniúcháin

1.2.1 Ainmnithe Incháilithe: Tá gach ball den Choláiste ag a bhfuil conradh acadúil ag leibhéal Léachtóra, Léachtóra Shinsearaigh agus Ollaimh incháilithe le seasamh sa toghchán i dToghlach na Foirne Acadúla amháin, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- Beidh baill thofa a rachaidh a dtéarma oifige in éag trí imeacht aimsire incháilithe le haghaidh a dtofa an athuair.
- Faoi réir cúinse eisceachtúil de chorrfholúntas gearrthéarmach [1] ní bheidh duine a atoghadh chuig an gComhairle Acadúil i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma den Chomhairle Acadúil as a chéile.
- Éilítear sos de théarma iomlán amháin den Chomhairle Acadúil sula mbeidh ball a bhfuil téarmaí as a chéile fónta aige/aici incháilithe lena (h)atoghadh.
- Níl feidhm ag téarmaí a fónadh roimhe seo i róil ex officio nuair atá téarmaí ball tofa á gcomhaireamh.
- Agus líon na dtéarmaí a fónadh á chomhaireamh, feidhmíonn téarma 2018-2021 na Comhairle Acadúla mar an chéad téarma faoi chomhdhéanamh reatha na Comhairle.

Eiseofar fógra maidir leis an toghchán agus gairm ar ainmniúcháin chuig gach ball incháilithe sna Coláistí ag tús an phróisis.

---

[1] *Ní áireofar corrfholúntais arna bhfónamh ball ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin a áireamh don bhall sin, ach áireofar corrfholúntais níos faide ná bliain amháin arna bhfónamh ag ball mar théarma oifige iomlán don bhall sin.

**An 1 Bealtaine 2024** an dáta a dheimhneofar an bhfuil ainmnithe incháilithe nó nach bhfuil. Caithfidh ainmnithe a bheith ina mbaill den toghlach cuí an 1 Bealtaine 2024.

1.2.2 Eiseofar gairm ar ainmniúcháin ó na gráid acadúla ábhartha sa Choláiste ag **9.00am Am na hÉireann, Dé Máirt, an 7 Bealtaine agus fanfaidh sí oscailte go dtí 17.00pm Am na hÉireann, Dé hAoine, an 17 Bealtaine 2024**. Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha.

1.2.3 Ba cheart ainmniúcháin a dhéanamh tríd an Tairseach Toghcháin ar Líne. Ní mór go mbeadh sonraí curtha ar fáil de bheirt bhall den toghlach foirne incháilithe a ghníomhóidh mar Mholtóir agus mar Chuiditheoir don ainmniúchán. Ar ainmniúchán a bheith curtha isteach, rachfar i dteagmháil leis an Moltóir agus leis an gCuiditheoir trí ríomhphost chun a dtacaíocht don ainmniúchán a dheimhniú.

TABHAIR FAOI DEARA: Caithfidh an Moltóir agus an Cuiditheoir teacht ón toghlach céanna agus ón gColáiste céanna leis an gcomhalta foirne atá ag seasamh sa toghchán (i.e. caithfidh comhaltaí foirne acadúla atá ag seasamh sa toghchán a bheith molta agus cuidithe ag comhaltaí foirne acadúla eile sa Choláiste céanna). Má úsáidtear Moltóirí agus Cuiditheoirí neamh-incháilithe beidh an t-ainmniúchán neamhbhailí.

Ba cheart go mbeadh grianghraf den ainmní (formáid jpeg, png nó gif, uasmhéid 4MB) san áireamh san ainmniúchán.

1.2.4 I gcás nach bhfuil dóthain ainmnithe in aon chatagóir faoin spriocdháta, déanfar iad siúd a ainmníodh a thoghadh go huathoibríoch, ar choinníoll nach mó líon na bhfear nó na mban a ainmníodh ná an cuóta inscne don Choláiste sin. Déanfar an spriocdháta d'ainmniúcháin chun na háiteanna atá fágtha a líonadh a chur siar seachtain eile ansin go dtí Dé hAoine, an 24 Bealtaine ag 17.00pm (Am na hÉireann).

Sa chás nach bhfaightear dóthain ainmniúchán chun an cuóta inscne a chomhlíonadh in aon cheann de na trí thoghlach, fágfar an suíochán cuí folamh, agus líonfar trí fhothoghchán é níos déanaí.

## 1.3 Nós Imeachta Toghcháin

1.3.1 Reáchtálfar toghchán trí ríomhvótáil i gcás gur mó líon na n-ainmnithe incháilithe ná líon na n-ionadaithe atá le roghnú. Tionólfar an bhallóid thar 27 uair an chloig ó **9.00am Dé Máirt, an 11 Meitheamh 2024 go dtí 12.00pm (Am na hÉireann) Dé Céadaoin, an 12 Meitheamh 2024.**

1.3.2 Níl baill incháilithe chun vóta a chaitheamh ach amháin ina gColáiste príomhchleamhnachta.

1.3.3 I gcás comhcheapachán, ní fhéadfaidh baill ach vóta a chaitheamh in aon Choláiste amháin agus in aon toghlach amháin. Ní mór do bhaill chomhcheaptha a rogha Coláiste, agus nuair is cuí a rogha toghlach (foireann acadúil nó taighdeoir), a chur in iúl faoin 31 Bealtaine 2024 d'fhonn a vóta a chinntiú. Seolfar liosta de bhaill chomhcheaptha chuig Bainisteoir an Choláiste chuí lena gcros-seiceáil.

1.3.4 Gheobhaidh comhaltaí foirne incháilithe ríomhphost roimh an mballóid le nasc uathúil chun vóta a chaitheamh.

1.3.5 An 31 Bealtaine 2024 an dáta a dheimhneofar an bhfuil vótálaí incháilithe nó nach bhfuil. Caithfidh vótálaithe a bheith ina mbaill den toghlach cuí an 31 Bealtaine 2024.

1.3.6 Beidh 3 vóta ag baill ina dtoghlach Coláiste, agus an luach céanna ag gach vóta.

1.3.7 Déanfar na vótaí a chomhaireamh go leictreonach agus déanfaidh na Scrúdanóirí Neamhspleácha maoirsiú agus cros-seiceáil agus beidh beirt bhreathnóirí neamhspleácha ann, a thabharfaidh tuairisc don Cheann Comhairimh, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla.

1.3.8 Déanfar gach suíochán a líonadh ar bhonn oscailte ach na híosriachtanais a bhaineann le gach grád, lena n-áirítear cuóta inscne, a bheith comhlíonta i.e.:

- Toghtar go huathoibríoch an triúr Ollúna is airde céime
- Toghtar go huathoibríoch an Léachtóir Sinsearach is airde céime
- Toghtar go huathoibríoch an Léachtóir is airde céime

Líonfar na suíocháin eile ar fad le tromlach simplí de na vótaí, bunaithe ar an modheolaíocht 'an chéad duine thar an líne', agus de réir cuóta inscne ábhartha do gach Coláiste.

1.3.9 I gcás líon na vótaí a bheith cothrom i gcatagóir áirithe, roghnóidh an Ceann Comhairimh an buaiteoir trí chrannchur, faoi mhaoirseacht na mBreathnóirí Neamhspleácha.

1.3.10 Tionólfar Rian Iniúchta iomlán vótála sa chóras vótála leictreonach agus déanfar athbhreithniú air sula n-eiseofar na torthaí.

Fógróidh an Ceann Comhairimh torthaí an toghcháin agus na hiarrthóirí ar éirigh leo do na hainmnithe tráthnóna an 12 Meitheamh 2024; don Chomhairle Acadúil ag a cruinniú an 17 Meitheamh agus don fhoireann ar fad tar éis chruinniú na Comhairle Acadúla.

1.3.11 Foilseofar torthaí iomlána an Toghcháin ar láithreán gréasáin na Comhairle Acadúla. Coimeádfaidh Oifig an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla taifead den chomhaireamh.

1.3.12 Is é an tUachtarán mar Chathaoirleach na Comhairle Acadúla an t-údarás cinnteoireachta deiridh i gcás go mbeadh ceist le réiteach.

1.3.13 De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, tréimhse 4 bliana ón 1 Meán Fómhair 2024 téarma oifige chomhaltaí foirne an Choláiste.

Chun amhras a sheachaint, tagraíonn an teorainn téarma a luaitear sa reacht do thoghlaigh thofa amháin.

1.3.14 Sa chás go dtiocfaidh athrú ar stádas baill reatha i rith thréimhse an téarma (trí ardú céime, éirí as oifig, dul ar scor), líonfaidh an chéad iarrthóir eile is airde vótaí an corrfholúntas, ar choinníoll go gcomhlíontar cuótaí gráid agus inscne.

Tabhair faoi deara: Féach Aguisín a hAon do Sceideal na dtoghchán foirne

## 2. Toghcháin na Foirne Taighde

### 2.1 Ballraíocht

2.1.1 Tionólfar ceithre thoghchán Coláiste ar leithligh agus ní foláir do gach Coláiste beirt chomhaltaí foirne taighde a thoghadh in aghaidh an Choláiste.

### 2.2 Próiseas Ainmniúcháin

2.2.1 Tá gach comhalta foirne taighde ar conradh incháilithe le haghaidh toghcháin.

2.2.2 Ainmnithe Incháilithe: Tá na comhaltaí foirne uile a bhfuil conarthaí taighde acu incháilithe le seasamh i dtoghchán na foirne taighde amháin, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- Beidh baill thofa a rachaidh a dtéarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-atofa.

Faoi réir cúinse eisceachtúil de chorrfholúntas gearrthéarmach, ní bheidh duine a atoghadh chuig an gComhairle Acadúil i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile den Chomhairle Acadúil.

- Éilítear sos de théarma iomlán amháin den Chomhairle Acadúil sula mbeidh ball a bhfuil téarmaí as a chéile déanta aige/aici incháilithe lena (h)atoghadh.
- Níl feidhm ag téarmaí a fónadh roimhe seo i róil ex officio nuair atá téarmaí ball tofa á gcomhaireamh.
- Agus líon na dtéarmaí a fónadh á chomhaireamh, feidhmíonn téarma 2018-2021 na Comhairle Acadúla mar an chéad téarma faoi chomhdhéanamh reatha na Comhairle.

**An 1 Bealtaine 2024** an dáta a dheimhneofar an bhfuil ainmnithe incháilithe nó nach bhfuil. Caithfidh ainmnithe a bheith ina mbaill den toghlach cuí an 1 Bealtaine 2024.

2.2.3 Eiseofar gairm ar ainmniúcháin ón bhfoireann taighde sa Choláiste ag **9.00am Am na hÉireann, Dé Máirt, an 7 Bealtaine agus fanfaidh sí oscailte go dtí 17.00pm Am na hÉireann, Dé hAoine, an 17 Bealtaine 2024**. Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha.

2.2.4 Ba cheart ainmniúcháin a dhéanamh tríd an Tairseach Toghcháin ar Líne.

Ní mór go mbeadh sonraí curtha ar fáil de bheirt bhall den toghlach foirne incháilithe a ghníomhóidh mar Mholtóir agus mar Chuiditheoir don ainmniúchán. Ar ainmniúchán a bheith curtha isteach, rachfar i dteagmháil leis an Moltóir agus leis an gCuiditheoir trí ríomhphost chun a dtacaíocht don ainmniúchán a dheimhniú.

TABHAIR FAOI DEARA: Caithfidh an Moltóir agus an Cuiditheoir teacht ón toghlach céanna agus ón gColáiste céanna leis an gcomhalta foirne atá ag seasamh sa toghchán (i.e. caithfidh comhaltaí foirne Taighde atá ag seasamh sa toghchán a bheith molta agus cuidithe ag comhaltaí foirne Taighde eile sa Choláiste céanna). Má úsáidtear Moltóirí agus Cuiditheoirí neamh-incháilithe beidh an t-ainmniúchán neamhbhailí.

Ba cheart go mbeadh grianghraf den ainmní (formáid jpeg, png nó gif, uasmhéid 4MB) san áireamh san ainmniúchán.

2.2.5 I gcás nach bhfuil dóthain ainmnithe faoin spriocdháta, déanfar iad siúd a ainmníodh a thoghadh go huathoibríoch. Déanfar an spriocdháta d'ainmniúcháin chun na háiteanna atá fágtha a líonadh a chur siar seachtain eile ansin go dtí Dé hAoine, an 24 Bealtaine ag 17.00pm (Am na hÉireann).

Sa chás nach bhfaightear dóthain ainmniúchán chun an cuóta inscne a chomhlíonadh, fágfar an suíochán cuí folamh, agus líonfar trí fhothoghchán é níos déanaí.

## 2.3 Nós Imeachta Toghcháin

2.3.1 Reáchtálfar toghchán trí ríomhvótáil i gcás gur mó líon na n-ainmnithe incháilithe ná líon na n-ionadaithe atá le roghnú. Tionólfar an bhallóid thar 27 uair an chloig ó **9.00am Dé Máirt, an 11 Meitheamh 2024 go dtí 12.00pm (Am na hÉireann) Dé Céadaoin, an 12 Meitheamh 2024.**

2.3.2 Níl baill incháilithe chun vóta a chaitheamh ach amháin ina gColáiste príomhchleamhnachta.

2.3.3 I gcás comhcheapachán, ní fhéadfaidh baill ach vóta a chaitheamh in aon Choláiste amháin agus in aon toghlach amháin. Ní mór do bhaill

chomhcheaptha a rogha Coláiste, agus nuair is cuí a rogha toghlach (taighdeoir nó foireann acadúil), a chur in iúl faoin 31 Bealtaine 2024 d'fhonn a vóta a chinntiú. Seolfar liosta de bhaill chomhcheaptha chuig Bainisteoir an Choláiste chuí lena gcros-seiceáil.

2.3.4 Gheobhaidh comhaltaí foirne incháilithe ríomhphost roimh an mballóid le nasc uathúil chun vóta a chaitheamh.

2.3.5 An 31 Bealtaine 2024 an dáta a dheimhneofar an bhfuil vótálaí incháilithe nó nach bhfuil. Caithfidh vótálaithe a bheith ina mbaill den toghlach cuí an 31 Bealtaine 2024.

2.3.6 Beidh 2 vóta ag baill ina dtoghlach Coláiste, agus an luach céanna ag gach vóta.

2.3.7 Déanfar na vótaí a chomhaireamh go leictreonach agus déanfaidh na Scrúdanóirí Neamhspleácha maoirsiú agus cros-seiceáil agus beidh beirt bhreathnóirí neamhspleácha ann, a thabharfaidh tuairisc don Cheann Comhairimh, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla.

2.3.8 Líonfar na suíocháin eile ar fad le tromlach simplí de na vótaí, bunaithe ar an modheolaíocht chomhairimh 'an chéad duine thar an líne'.

2.3.9 I gcás líon na vótaí a bheith cothrom i gcatagóir áirithe, roghnóidh an Ceann Comhairimh an buaiteoir trí chrannchur, faoi mhaoirseacht na mBreathnóirí Neamhspleácha.

2.3.10 Tionólfar Rian Iniúchta iomlán vótála sa chóras vótála leictreonach agus déanfar athbhreithniú air sula n-eiseofar na torthaí.

Fógróidh an Ceann Comhairimh torthaí an toghcháin agus na hiarrthóirí ar éirigh leo do na hainmnithe tráthnóna an 12 Meitheamh 2024; don Chomhairle Acadúil ag a cruinniú an 17 Meitheamh agus don fhoireann ar fad tar éis chruinniú na Comhairle Acadúla.

2.3.11 Foilseofar torthaí iomlána an Toghcháin ar láithreán gréasáin na Comhairle Acadúla. Coimeádfaidh Oifig an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla taifead den chomhaireamh.

2.3.12 Is é an tUachtarán mar Chathaoirleach na Comhairle Acadúla an t-údarás cinnteoireachta deiridh i gcás go mbeadh ceist le réiteach.

2.3.13 De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, tréimhse 4 bliana ón 1 Meán Fómhair 2024 téarma oifige chomhaltaí foirne an Choláiste.

Chun amhras a sheachaint, tagraíonn an teorainn téarma a luaitear sa reacht do thoghlaigh thofa amháin.

2.3.14 Sa chás go dtiocfaidh athrú ar stádas baill reatha i rith thréimhse an téarma (trí ardú céime, éirí as oifig, dul ar scor), líonfaidh an chéad iarrthóir eile is

airde vótaí an corrfholúntas, ar choinníoll go gcomhlíontar cuótaí gráid agus inscne.

## 3. Toghcháin na Mac Léinn

3.1 De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, tá Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn agus an Leas-Uachtarán/Oifigeach Oideachais ina mbaill Ex Officio den Chomhairle Acadúil.

3.2 De réir fhorálacha Reacht CCCLXXXI, caithfidh beirt mhac léinn ar a laghad ó gach Coláiste a bheith san áireamh i mballraíocht an Choláiste, tá na mic léinn sin le toghadh le cúnamh ó Chomhaltas na Mac Léinn.

3.2 Deimhneofar go huathoibríoch Oifigeach Iarchéime Taighde agus Oifigeach Iarchéime Múinte tofa Chomhaltas na Mac Léinn ina mbaill den Chomhairle Acadúil.

3.3 Deimhneofar go huathoibríoch go mbeidh Tionólaithe agus Ionadaithe Coláiste tofa (a toghadh i mí Márta/Aibreáin don bhliain acadúil dár gcionn) ina mbaill den Chomhairle Acadúil.

3.3 Toghfar na baill mic léinn eile trí Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn, arna eagrú ag Comhaltas na Mac Léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair chun ligean do mhic léinn na chéad bhliana seasamh i dtoghchán.

3.4 Tá gach mac léinn cláraithe i gColáiste incháilithe chun seasamh i dtoghchán.

3.5 Caithfidh mac léinn ar bith ar mian leis/léi a bheith ainmnithe freastal ar chruinniú ábhartha de chuid Chomhairle na Mac Léinn chun é/í féin a ainmniú.

3.6 Ní bheidh ach Ionadaithe Ranga i ngach Coláiste, a bhfuil os cionn 600 Ionadaí Ranga sna Coláistí go léir, incháilithe chun vótáil.

3.7 Ní chuirfear cuótaí inscne i bhfeidhm i dtoghcháin na mac léinn de réir chleachtas caighdeánach thoghcháin Chomhaltas na Mac Léinn agus chun cur ar chumas na mac léinn stádas neodrach ó thaobh inscne a ghlacadh más mian leo.

3.8 De réir Reacht CCCLXXXI, is ionann téarma oifige baill mic léinn an Choláiste agus bliain amháin, agus tús á chur leis an gcéad téarma an 1 Meán Fómhair 2024.

Féach Aguisín a Dó le haghaidh sceideal Thoghcháin na Mac Léinn don bhliain acadúil 2024-25.

## Aguisín a hAon

## Sceideal le haghaidh Thoghcháin Foirne Coláiste na Comhairle Acadúla, 2024

| Dátaí | Gníomhaíocht |
|---|---|
| 8 Aibreán | Aontaíonn an Chomhairle Acadúil na Rialacháin Toghcháin |
| 1 Bealtaine | An dáta ar a dheimhneofar incháilitheacht ainmnithe |
| 7 Bealtaine ag 9am | Osclaítear an ghairm ar ainmniúcháin |
| 17 Bealtaine ag 5pm | Dúntar an ghairm ar ainmniúcháin |
| 24 Bealtaine ag 5pm | Más gá, spriocdháta chun síneadh ama a chur leis an tréimhse ainmniúcháin |
| 27 Bealtaine | Canbhasáil na n-iarrthóirí |
| 31 Bealtaine | An dáta ar a dheimhneofar incháilitheacht vótálaithe |
| 11 Meitheamh, 9am | Osclaítear an vótáil |
| 12 Meitheamh, 12pm | Dúntar an vótáil, cuirtear tús le comhaireamh na vótaí |
| 12 Meitheamh PM | Fógrófar torthaí an toghcháin do na hainmnithe |
| 17 Meitheamh | Cuirtear na torthaí in iúl don Chomhairle Acadúil |
| 17 Meitheamh PM | Cuirtear na torthaí in iúl don fhoireann |

## Aguisín a Dó

**Toghcháin na Mac Léinn don Chomhairle Acadúil do 2024-25**

**<u>In 2024/2025 is mar seo a leanas a bheidh Comhdhéanamh na Mac Léinn, ón 1 Meán Fómhair 2024:</u>**

Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn (Tofa an 14 Márta 2024)
Leas-Uachtarán/Oifigeach Oideachais Chomhaltas na Mac Léinn (Tofa an 14 Márta 2024)
Oifigeach Mionlaigh Eitneacha (Tofa an 14 Márta 2024)
Oifigeach Idirnáisiúnta (Tofa an 14 Márta 2024)
Ionadaí Iarchéime Taighde (Tofa an 14 Márta 2024)
Ionadaí Iarchéime Múinte (Tofa an 14 Márta 2024)

<u>Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh</u>
Tionólaí Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh (Tofa an 14 Márta 2024)
1 Mhac Léinn Fochéime (Tofa ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024)

<u>Coláiste na hEolaíochta & na hInnealtóireachta</u>
Tionólaí Choláiste na hEolaíochta & na hInnealtóireachta (Tofa an 14 Márta 2024)
1 Mhac Léinn Fochéime (Tofa ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024)

<u>Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte</u>
Tionólaí Choláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte (Tofa an 14 Márta 2024)
1 Mhac Léinn Fochéime (Tofa ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024)

<u>Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí & an Dlí</u>
Tionólaí Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí & an Dlí (Tofa an 14 Márta 2024)
1 Mhac Léinn Fochéime (Tofa ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024)

**14 Ionadaí Mac Léinn ar an iomlán.**

## Aguisín a Trí

**Toghcháin na Comhairle Acadúla 2024**
**Cuótaí Inscne**

Tá 100 áit ar an gComhairle Acadúil (sa bhreis ar Bhaill Ex-Officio) ag na 4 Choláiste le chéile. Tá Cinn Scoile, Foireann Acadúil, Foireann Taighde agus Tionólaithe Coláiste Chomhaltas na Mac Léinn san áireamh sa 100 áit seo.

Tá próifíl gach Coláiste leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| **Coláiste** | **Baill** | **Cinn Scoile** | **Mic léinn** | **Taighde** | **Acadúil** |
|---|---|---|---|---|---|
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 30 | 5 | 2 | 2 | 21 |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 25 | 8 | 2 | 2 | 13 |
| An Leigheas, an Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 25 | 3 | 2 | 2 | 18 |
| An Gnó, an Beartas Poiblí & an Dlí | 20 | 3 | 2 | 2 | 13 |
| | | | | | |
| **Iomlán** | 100 | 20 | 8 | 8 | 65 |

Is é aidhm na cáipéise seo na cuótaí íosta inscne atá beartaithe don toghchán a leagan síos. Tá sé seo ar an mbunús nach gcuirfear cuótaí inscne i bhfeidhm ar chohórt na mac léinn ná taighde agus go bhfuil cothromaíocht inscne na gCeann Scoile ar fáil cheana féin.

Caithfidh na cuótaí inscne próifíl inscne gach ceann de na Coláistí a chur san áireamh a oiread agus is féidir (bunaithe ar Thuairisceán Foirne Acadúil HEA Nollaig 2023):

| **Coláiste** | **Fear** | **Bean** |
|---|---|---|
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 71% | 29% |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 46% | 54% |
| An Leigheas, an Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 36% | 64% |
| An Gnó, an Beartas Poiblí & an Dlí | 46% | 54% |

Taispeánann an tábla seo a leanas na cuótaí inscne atá beartaithe do gach ceann de na Coláistí chun an méid seo a leanas a cheadú:

- Cuóta inscne foriomlán 40% Fear/Bean a bhaint amach
- Próifíl inscne na gColáistí a léiriú a oiread agus is féidir agus próifíl inscne na gCeann Scoile á gcur san áireamh
- Roinnt solúbthachta a cheadú san íoslíon de gach inscne chun cuótaí neamh-dhénártha a chur san áireamh.

| | **Fear** | **Bean** | **Aon/Eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Baill Ex-Officio** | 8 | 9 | | 17 |
| | | | | |
| **Cinn Scoile** | 8 | 11 | | 19 |
| | | | | |
| **An Fhoireann Taighde** | | | 8 | 8 |
| | | | | |
| **Mic léinn** | 1 | 1 | 12 | 14 |
| | | | | |
| **An Fhoireann Acadúil** | | | | |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 14 | 5 | 2 | 21 |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 7 | 4 | 2 | 13 |
| An Leigheas, an Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 4 | 12 | 2 | 18 |
| An Gnó, an Beartas Poiblí & an Dlí | 5 | 6 | 2 | 13 |
| | | | | |
| **Ballraíocht Iomlán** | **47** | **48** | **28** | **123** |
| | **38%** | **39%** | **23%** | |

Is iad na cealla atá aibhsithe thuas an líon íosta fear agus ban a theastaíonn i ngach Coláiste chun cuóta íosta a thabhairt chomh gar agus is féidir do 40% agus solúbthacht 2 áit a cheadú i ngach Coláiste agus, ag an am céanna, an phróifíl inscne i ngach Coláiste a chaomhnú. Éileoidh sé seo beirt fhear agus bean amháin, ar a laghad, ón 28 ball atá ar fáil.

Is é cuóta íosta inscne na Comhairle Acadúla (bunaithe ar 123 áit) ná 123 * 40% = 49